



## AN T-ATHRÚ AERÁIDE A CHOMHRAC

Ag comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an athrú aeráide i bPáras i mí na Nollag 2015, chomhaontaigh Comhpháirtithe ó gach cearn den domhan an téamh domhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Tá an tAontas tiomanta d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 40% faoi leibhéil 1990 ar a laghad roimh 2030, agus feabhas 27% á chur aige ar éifeachtúlacht fuinnimh ag an am céanna chomh maith le sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú chuig 27% den tomhaltas deiridh. Is príomhshásra sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide í Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí.

### AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Le hAirteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar cuspóir sainráite de bheartas comhshaoil an Aontais den chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide.

### CÚLRA GINEARÁLTA

#### A. Téamh domhanda

Gan beartais bhreise maidir le laghdú astaíochtaí, tuartar go dtiocfaidh méadú idir 1.1°C agus 6.4°C ar an meánteocht dhomhanda le linn na haoise seo. Cruthaíonn gníomhaíochtaí daonna amhail dó breoslaí iontaise, dífhoraíochtaí agus feirmeoireacht astú de dhé-ocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>), de mheatán (CH<sub>4</sub>), d'ocsaíd nítriúil (N<sub>2</sub>O) agus d'fhluaracarbón. Déanann na gáis ceaptha teasa (GCTanna) sin teas a radaítear ó dhromchla an domhain a cheapadh agus coinníonn sé é ó éalú amach sa spás, rud a chruthaíonn téamh domhanda.

#### B. Tionchair an athraithe aeráide

Tá eachtraí adhamsire tagtha as an téamh domhanda agus tiocfaidh tuilleadh eachtraí as (amhail tuilte, triomaigh, báisteach throm agus teaspáigh), chomh maith le dóiteáin foraoise, ganntanas uisce, imeacht oighearshruthanna agus ardú leibhéil na mara, athruithe i ndáileadh fauna agus flora nó fiú a ndíothú, galair plandaí agus lotnaidí, ganntanas bia agus fionnuisce, agus imirce daoine atá ag teitheadh ó na contúirtí sin. Léiríonn an eolaíocht go gcuirfí go mór leis an mbaol go mbeadh ann d'athrú do-aisiompaithe agus tubaisteach dá dtiocfadh ardú thar 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch ar an téamh domhanda.



### C. Costas na gníomhaíochta i gcomparáid le costas na neamhghníomhaíochta

In 2006, mhol Athbhreithniú Stern go gcosnódh sé 1% de OTI na cruinne gach bliain chun an téamh domhanda a bhainistiú, ach bheadh costas 5% ar a laghad agus suas le 20% de OTI na cruinne ar neamhghníomhaíocht sa chás is measa. Dá bhrí sin, ní bheadh gá ach le cuid bheag de OTI iomlán na cruinne chun infheistiú a dhéanamh i ngeilleagar ísealcharbóin, agus dá ndéanfaí comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, chruthófaí tairbhí sláinte agus slándáil fuinnimh níos mó agus laghdódh sé damáiste eile.

### D. Oiriúnú don athrú aeráide

Cuimsítear san oiriúnú don athrú aeráide ó bhearta boga agus neamhchostasacha (caomhnú uisce, uainíocht barr, barra a bhfuil acmhainn acu ar an triomach, pleanáil phoiblí agus múscailt feasachta) go bearta costasacha cosanta agus athlonnaithe (ard na gcladán a mhéadú; calafoirt, tionscail agus daoine a athlonnú as ceantair chósta ísle agus tuilemhánna). Tá [Straitéis AE maidir le hoiriúnú don athrú aeráide](#) dírithe ar an Eoraip a dhéanamh níos seasmhaí ó thaobh na haeráide de. Spreagann sé comhordú agus comhroinnt faisnéise níos fearr idir na Ballstáit agus cothaíonn sé príomhshruthú an oiriúnaithe i mbeartais ábhartha uile AE.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

### A. Beartas aeráide idirnáisiúnta

I mí na Nollag 2015, tar éis nach mór fiche bliain caibidlíochta, ghlac rialtais an chéad chomhaontú uilíoch chun comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, ag an 21ú Comhdháil de na Páirtithe (COP21) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('UNFCCC') i bPáras. Déanann [Comhaontú Pháras](#) a dhícheall chun an méadú sa mheánteocht dhomhanda a choimeád 'go mór faoi' 2°C, agus iarracht á déanamh é a choimeád ag 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá sé mar aidhm ag na Comhpháirtithe buaicphointe domhanda GCT a shroicheadh a luaithe is féidir, agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach i ndara leath na haoise seo. Leanfaidh sreafaí airgeadais na spriocanna sin. Den chéad uair, tá iarrachtaí uailmhianacha déanta ag na Comhpháirtithe uile chun astaíochtaí GCT a laghdú, agus prionsabal á leanúint acu 'gur comhchoiteann ach difreáilte atá na freagrachtaí agus na cumais, ar cumais faoi seach iad', i.e. i gcomhréir lena gcásanna agus a bhféidearthachtaí aonair. Gach cúig bliana, ní mór do na tíortha uile a bpleananna maidir le gníomhaíocht aeráide a athnuachan agus a nuashonrú ('rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta') agus iad a chur in iúl ar bhealach trédhearcach chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn comhchoiteann ('stocáireamh domhanda'). Go háirithe, tabharfar tacaíocht airgeadais agus tacaíocht trí fhothú acmhainní do na tíortha is leochailí, na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga atá i mBéal Forbartha. Aithnítear oiriúnú – a luaitear é a bheith ar chomhchéim le maolú – mar dhúshlán domhanda; mar a aithnítear an tábhacht atá ag 'caillteanas agus an damáiste' a bhaineann le drochthionchair an athraithe aeráide. Tháinig an comhaontú i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 tar éis don líon íosta de 55 rialtas é a dhaingniú, ar comhionann an líon sin agus 55% ar a laghad de na hastaíochtaí domhanda GCT uile.



## B. Iarrachtaí laistigh den Aontas chun comhrac in aghaidh an athraithe aeráide

Trí bhíthin [chreat aeráide agus fuinnimh 2030](#) AE, a léiríonn a thiomantas faoi Chomhaontú Pháras freisin, tá gealltanús tugtha ag an Aontas na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoi 2030: astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 40% faoi leibhéal 1990 ar a laghad, feabhas 27% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú chuig 27% den tomhaltas deiridh. Is obair leantach é creat 2030 ar 'spriocanna 20-20-20' a chinn ceannairí AE in 2007 don bhliain 2020: laghdú 20% ar astaíochtaí GCT, méadú 20% ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite i dtomhaltas fuinnimh deiridh, agus laghdú 20% ar thomhaltas fuinnimh phríomha an Aontais (iad go léir i gcomparáid le 1990), ar aistríodh iad go léir chuig bearta ceangailteacha reachtacha. Le [Treochlár AE um gheilleagar iomaíoch ísealcharbóin roimh 2050](#), leagtar síos sprioc fhadtéarmach 80% maidir le GCT a laghdú, agus molann an [straitéis fhadtéarmach](#) is déanaí uaidh geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de roimh 2050.

Is príomhionstraim bheartais de chuid AE sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide í [Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí \(ETS\)](#), an chéad mhargadh carbóin idirnáisiúnta agus an margadh is mó go fóill. Tá sí bunaithe ar phrionsabal 'teorannaithe agus trádála': leagtar 'teorainn' ar líon iomlán astaíochtaí GCT is féidir a astú ag níos mó ná 11 000 suiteáil (monarchana, stáisiúin chumhachta, etc.) atá san áireamh sa scéim. Ceannaíonn nó faigheann gach suiteáil 'lamháltas astaíochtaí' a cheantálann na Ballstáit. Féadtar na creidmheasanna sin — arb ionann iad agus tonna amháin CO<sub>2</sub> an ceann — a thrádáil le suiteálacha eile mura n-úsáidtear iad. Le himeacht ama, laghdaítear líon foriomlán na lamháltas de réir a chéile. Le dhá chiste — ciste don nuachóiriú agus ciste don nuálaíocht — cuideofar le huasghrádú na gcóras fuinnimh sna Ballstáit ísealioncaim agus chun nuálaíocht a chothú trí fhuinneamh inathnuaite, gabháil agus stóráil carbóin (CCS) agus tionscadail ísealcharbóin a chistiú. Tá síneadh curtha leis an [dólúine d'eitiltí idir ilchríocha](#) atá ann faoi láthair go dtí deireadh 2023, nuair a bheidh an chéad chéim de Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) le tosú. [Tá comhaontaithe ag an Eilvéis agus AE a gcórais trádála astaíochtaí a nascadh.](#)

Tá astaíochtaí ó earnálacha nach gcumhdaítear le ETS, amhail iompar de bhóthar, dramhaíl, talmhaíocht agus foirgnimh, faoi réir spriocanna bliantúla ceangailteacha maidir le laghdú astaíochtaí GCT do gach Ballstát. Le déanaí, chomhaontaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle spriocanna íosta do 2021-2030 chun cuidiú le sprioc AE laghdú 30% GCT a bhaint amach ó na hearnálacha sin agus chun rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Thairis sin, den chead uair, beidh ar gach Ballstát a áirithiú nach dtéann astaíochtaí ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht (LULUCF) thar a aistriú. Is é sin le rá, bainisteofar foraoisí, talamh curaíochta agus féarthailte ar bhonn inbhuanaithe, chun an oiread astaíochtaí GCT agus is féidir a ionsú, agus ar a laghad an oiread chéanna astaíochtaí agus iad sin a astaítear san earnáil chéanna ('riail do thoradh neodrach nó dearfach'), agus dá bhrí sin déanfar rannchuidiú tábhachtach leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide.



Féachtar leis an [Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite](#) a áirithiú go ndéanfaidh fuinneamh inathnuaite amhail bithmhais, cumhacht ghaoithe, cumhacht hidrileictreach agus cumhacht ghréine suas 20% ar a laghad de thomhaltas iomlán an Aontais i ndáil le leictreachas a ghiniúint, iompar, téamh agus fuarú. Beidh feidhm ag [sprioc nua](#) (32.5%) do 2030. Glacann gach Ballstát a phlean gníomhaíochta náisiúnta féin um fuinneamh inathnuaite, lena n-áirítear spriocanna eárnála. Mar chuid den sprioc fhoriomlán, tá tiomantas tugtha ag na Ballstáit 10% ar a laghad (14% in 2030) dá mbreoslaí iompair a sholáthar ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite. Tá sprioc AE i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh de 32% do 2030 comhaontaithe ag an bParlaimint agus ag an gComhairle freisin.

Le teicneolaíocht i dtaca le [gabháil agus stóráil carbóin](#) (CCS), deighltear CO<sub>2</sub> ó astaíochtaí san atmaisféar (a eascraíonn as próisis thionsclaíochta), comhbhrúitear an CO<sub>2</sub>, agus aistrítear é chuig suíomh inar féidir é a stóráil. De réir IPCC, d'fhéadfadh CCS 80-90% d'astaíochtaí CO<sub>2</sub> a bhaint as gléasraí cumhachta a ídionn breoslaí iontaise. Tá creat rialála curtha ar bun ag AE chun an teicneolaíocht nua sin a thráchtáil agus a fhóirdheonú. Mar sin féin, bhí sé níos deacra na tionscadail taispeántais a bhí beartaithe a chur chun feidhme ná mar a tuaradh ar dtús, agus ardchostais mar cheann de na príomhbhacainní leis sin.

Ní mór do ghluaisteáin nua paisinéirí atá cláraithe in AE [caighdeáin astaíochtaí CO<sub>2</sub>](#) a chomhlíonadh. Is í an sprioc atá le baint amach ag meánfhlít gluaisteán ná 130g de CO<sub>2</sub>/km don bhliain 2015 agus laghdófar sin chuig 95g/km amhail ó 2021. Chun dreasachtaí a chruthú sa tionsclaíocht chun infheistiú a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua, féadtar 'sárchreidmheasanna', mar a thugtar orthu, a úsáid, i gcás ina meastar na gluaisteáin is glaine i ngach raon de chuid an mhonaróra a bheith ionann is níos mó ná gluaisteán amháin agus na meánastaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub> á ríomh. Tá rialachán den chineál céanna i bhfeidhm i gcás [veaineanna](#). Tá laghdú breise comhaontaithe ag an bParlaimint agus ag an gComhairle i dtaca le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> le haghaidh fhlít uile an Aontais i gcomhair gluaisteáin nua (37.5%) agus veaineanna nua (31%) faoi 2030. I gcomhthreo leis sin agus den chéad uair riamh, tá sprioc laghdaithe CO<sub>2</sub> de 30% socraithe do leoraithe nua, le sprioc idirmheánach de 15% faoi 2025.

Tá faisnéis maidir le [barainneacht breosla](#) na ngluaisteán nua paisinéirí a thairgfear lena ndíol nó lena dtabhairt amach ar cíós in AE ar fáil cheana do thomhaltóirí chun gur féidir leo rogha eolasach a dhéanamh agus gluaisteán nua á cheannach acu. Is gné thábhachtach de laghdú astaíochta GCT í [cáilíocht bhreosla](#) freisin. Tá sé mar aidhm ag reachtaíocht AE laghdú 6% a dhéanamh ar dhéine GCT na mbreoslaí faoi 2020: bainfear é sin amach, i measc bearta eile, trí bhithbhreoslaí a úsáid, nach mór dóibh, áfach, critéir inbhuanaitheachta a chomhlíonadh.

Tagann astaíochtaí CO<sub>2</sub> suntasacha as loingseoireacht mhuirí idirnáisiúnta agus meastar go dtiocfaidh méadú nach beag orthu. Agus cur chuige domhanda á éileamh aige, tá córas uile-Aontais curtha ar bun ag AE chun [faireachán, tuairisciú agus fíorú \(MRV\) a dhéanamh ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó longa](#), mar chéad chéim i dtreo iad a laghdú. Ní mór do longa móra faireachán a dhéanamh ar an n-astaíochtaí fíoraithe CO<sub>2</sub> a scaoiltear ar a slí chuig calafoirt AE, ó na calafoirt sin agus laistigh de na calafoirt sin, agus tuairisciú a dhéanamh orthu, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile.



I ndiaidh toirmisc ar chlórafluoracarbóin (CFCanna) sna 1980idí chun stop a chur le hídiú an chisil ózón, úsáidtear gás fhlúairínithe sa lá atá inniu ann ina n-ionad i réimse feidhmeanna tionsclaíocha amhail aerchóiriú agus cuisniú, mar ní dhéanann siad dochar don chiseal ózón. Mar sin féin, d'fhéadfadh go bhfuil acmhainneacht téite domhanda acu atá suas le 23 000 uair chomh mór le hacmhainneacht CO<sub>2</sub>. Tá bearta déanta ag AE dá bhrí sin chun rialú a dhéanamh ar úsáid [gás flúairínithe](#) agus chun a n-úsáid a chosc i bhfearais nua aerchóirithe agus i gcuisneoirí nua faoi 2022-2025, ag leagan luas síos dá bhrí sin do chéimniú amach domhanda.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Mar fhreagairt ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat beartais do 2030 maidir le cúrsaí aeráide agus fuinnimh, chuir an Pharlaimint a meon in iúl go láidir, agus d'éiligh sí trí sprioc cheangailteacha (ar spriocanna iad a bhí níos uailmhianaí ná na spriocanna a comhaontaíodh ar deireadh): laghdú 40% ar a laghad ar leibhéal 1990 d'astaíochtaí GCT; sciar 30% i dtomhaltas fuinnimh deiridh d'fhoinsí fuinnimh inathnuaite; agus méadú 40% ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Roimh chomhdháil Pháras maidir leis an athrú aeráide in 2015, mheabhraigh an Pharlaimint an athuair go raibh géarghá ann go ndéanfaí 'rialáil agus teorannú éifeachtach ar astaíochtaí ó eitlíocht agus loingseoireacht idirnáisiúnta'. Chuir sí a díomá in iúl nár tháinig ICAO ar chomhaontú maidir le laghduithe astaíochtaí nuair a tugadh isteach CORSIA, ach gur cuireadh béim den chuid is mó ar fhritháireamh gan aon ráthaíocht maidir le cáilíocht agus nach mbeadh stádas a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí de acu ach ó 2027 amach, agus go raibh baill de ICAO ann fós nach raibh tiomantas tugtha acu go mbeidís rannpháirteach sa chéim dheonach.

Tá an Pharlaimint i bhfabhar praghsáil carbóin ar bhonn leathan agus tá sí ar son ioncam ó thrádáil astaíochtaí a leithdháileadh ar infheistíochtaí a bhaineann le cúrsaí aeráide. D'iarr sí go dtógfáí céimeanna nithiúla, lena n-áireofaí tráthchlár a leagan síos, chun gach fóirdheontas don bhreosla iontaise a chéimniú amach roimh 2020.

Le linn caibidlíocht leis an gComhairle maidir le gás fhlúairínithe (gáis-F), mhol an Pharlaimint céimniú amach iomlán de gháis-F a dhéanann dochar don aeráid i roinnt earnálacha nua ina bhfuil roghanna malartacha eile ar fáil atá sábháilte, éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, agus éifeachtach ó thaobh costais de.

I scéal níos luaithe faoi astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó ghluaisteáin paisinéirí agus veaineanna, d'áitigh an Pharlaimint go dtabharfaí isteach an timthriall tástála domhanda nua a shainigh na Náisiúin Aontaithe a luaithe agus is féidir, d'fhonn fíorchoinníollacha tiomána a léiriú agus astaíochtaí CO<sub>2</sub> á dtomhas.

Tina Ohliger  
05/2019

